


# Strategic Development Plan 2010-2015

---

YOUR PLACE - YOUR FUTURE





## GMIT IDENTITY >

As GMIT plans its future in a volatile environment, the Institute reasserts its commitments to work to promote economic development, social cohesion and regional growth. These three aspirations were the rationale for the establishment of the new higher education system in Ireland in the late 1960s. They remain core to the mission and values of GMIT.

GMIT sees its **future** strongly focussed on providing its students with an opportunity to develop their potential, through a strong emphasis on the quality of the teaching at undergraduate and post-graduate level and on the development of a strong supporting framework for teaching and learning. GMIT wants to ensure that its students, as active learners, together with all the staff of the Institute, ensure and assure the quality of learning and teaching. Above all we want our students to believe GMIT is their **place**, a place to shape their future.

GMIT has always had a strong belief and track record in promoting social equity through higher education. The Institute will continue to focus on improving access and accessibility for all who are in position to benefit. GMIT will continue to develop access opportunities for those whose socio-economic circumstances impaired their readiness to participate in higher education. The Institute reaffirms its commitment to creating a flexible system to meeting the needs of students at all stages of their lives.

GMIT sees its **future** as a regional resource in the promotion of regional economic and social growth. The Institute looks outwards and seeks to respond to the needs of its region through programmes of applied research and development, the establishment of a regional innovation hub, support for entrepreneurship and the provision of relevant and current professional development for the workforce.

Is ar dhaoine atá an Plean Straitéiseach láraithe agus ní ar fhoirgnimh. Tá sé deartha d'aonturas chun an nuálaíocht agus an tsofhreagracht a spreagadh. Mar eagraíocht seirbhíse poiblí, teastaíonn uainn an t-athrú a chothú agus freagra a thabhairt air; teastaíonn uainn go ndéanfaí muid a mheas de réir ár sofhreagracht do pholasaí náisiúnta agus teastaíonn buntáistí oideachasúla a fheabhsaíonn an saol a chur chun cinn.

GMIT believes in and values the distinctive and differentiated mission of the institute of technology sector. It strongly supports the original concept that the sector should evolve and develop to respond to the evolving needs of society, and that there should be no artificial limitation of either the scope or the level of educational achievement in the sector. GMIT will collaborate with other higher education institutions to ensure effective provision of higher education. To this end, GMIT would welcome clarity in national policy on the spectrum of higher education provision in Ireland.

The qualities required to thrive in an uncertain **future** can and should be developed through higher education. Our vision is that our students will be challenged by a range of global opportunities and directed by their capacity for personal and professional growth, while retaining a strong sense of **place**, regional and national. What we hope for our students we also believe should imbue the spirit of GMIT.

# STRATEGIC PLAN FRAMEWORK





## MISSION >

As a publicly funded higher education institution, GMIT is proud of its identity and role as an Institute of Technology. It is proud of its people and achievements and has confidence in its ability to meet the challenge of the future. GMIT's Strategic Plan is driven and shaped by the Institute's mission:

**At GMIT we develop life-long learning opportunities through our teaching and research, by supporting regional development consistent with national higher education policy.**

In crafting the future direction of the Institute, the imperative of a changing policy context, both national and international has been considered. The Institute will pursue its distinctiveness in Ireland's higher education through a long-term strategic approach formulated upon the following vision:

## VISION >

- Learning is and will be the core activity of the Institute, bringing students, staff and the region together to share, apply, test and create knowledge;
- GMIT will continue to develop as a regional organisation with an international focus committed to the personal and professional enrichment of its students, the needs of its region, national priorities and global opportunities;
- GMIT will both shape and respond to the perspectives and expectations of its stakeholders and will work in collaboration with them to meet their needs;
- GMIT will be an organisation characterised by its flexibility, creativity, responsiveness and a capacity to adapt.

## VALUES >

**The Institute, in pursuit of its mission, values:**

Higher Education for the benefits it brings to society and the individual;

Equity in support of social cohesion;

The role of education as a catalyst for change;

Participating in regional development.

## GRADUATE QUALITIES AND CHARACTERISTICS >

GMIT is and will be defined by the quality and employability of its graduates. All of our programmes are aligned with the National Framework of Qualifications (NFQ). The Institute, through its academic programmes and approach to learning and teaching, will ensure that all our graduates have a comprehensive understanding of relevant disciplines, professional knowledge and skills appropriate to their awards. Our graduates should embody the following skills profile and information base in the context of a value system and a holistic philosophy based on self awareness and actualisation in the business, social, environmental and flexible learning arenas:

### ACADEMIC LIFE

- Applied orientation to their study informed by current research.
- Appropriate balance between theory and practice.
- Possess national and internationally recognised qualifications.
- Be technologically literate to meet the requirements of the 21st century.

### PROFESSIONAL LIFE

- Possess a skillset which is adaptable, transferrable and amenable to lifelong learning.
- Take responsibility for continued personal and professional development.
- Be exposed to entrepreneurialism and contribute to social entrepreneurship as appropriate.
- Exercise reflective and critical judgement in their ability to solve problems.

### SOCIAL LIFE

- Value and understand different cultures and diversity.
- Contribute to their community and wider society.
- Be self-directed and innovative and work independently and collaboratively.
- Be promoters of the sustainability of the environment.
- Be capable of entrepreneurship and leadership.

### PERSONAL LIFE

- Value freedom of expression and enquiry.
- Recognise the importance of human rights within a tolerant and inclusive society.
- Make links and gain a holistic overview of their learning within their programme of study, their extra-curricular activities and their careers.
- Be independent and able to reflect critically.
- Be conscious of the importance of their physical, mental and emotional well-being.
- See learning as part of life.



## GMIT STRATEGIC GOALS >


In order to develop a culture characterised by flexibility, creativity, responsiveness and a capacity to adapt continuously, GMIT will:

1. Be a major regional centre for the provision of higher education with a strong applied focus.
2. Be known for the quality of its learning environment characterised by empowered students, high quality teaching and support infrastructure including technology.
3. Deepen engagement with enterprise and the broader community through innovation, learning, teaching, programme provision and research for the benefit of students, staff and the regional stakeholders.
4. Develop the international dimension of the Institute with increased enrolment from outside the State.
5. Balance revenue sources to diminish the over-reliance on central public funding.
6. Continue to act nationally to develop the higher education system.

### ACADEMIC PROFILE AND MARKET POSITION

The successful achievement of targets associated with the KPI's will give GMIT the following academic profile and market position.

- Increased student population in terms of Full-time equivalents.
- Leading Level 7 provider nationally.
- Pioneer in curriculum reform and new learning methodologies.
- Recognised centre for professional education at undergraduate and post-graduate levels.
- Highly networked, outward looking, and collaborative organisation.
- National leaders in research in identified niches.



## KEY PERFORMANCE INDICATORS

For each of the five pillars, the following indicators have been identified:

### LEARNING AND TEACHING

- Student Enrolment.
- Student Retention.
- Student Achievement.
- Learning and Teaching Strategy Implemented.
- Programme portfolio managed annually.

### STUDENT ENVIRONMENT

- Flexible Modes of Delivery.
- Campus Development Plan Implemented.
- Graduate Destination Statistics.
- Students' Evaluation of their experience.
- Unit Cost.

### RESEARCH AND INNOVATION

- Top quartile status for research within IOT sector.
- Through-flow of companies through IiBCs.
- Formal research-led collaborations with other institutions.
- Increased number of graduating research post-graduates.
- Number and value of research projects.

### COMMUNITY ENGAGEMENT

- Participation rates of under-represented groups.
- Proportion of mature students.
- Number of on-line programmes developed.
- Number of programmes with 30 credits directly attributable to learning which is industry, business or community based or takes place overseas.

### INTERNATIONALISATION

- Proportion of international students.
- Number of strategic agreements with HEIs overseas.
- Number of GMIT students studying abroad.



## GMIT PLANNING STRUCTURE >

The five pillars of the Institutes Strategic Development Plan are:

PILLAR	RATIONALE
1. Learning and Teaching	Strategic focus on quality of teaching
2. The Student Environment	Strategic focus on totality of student experience
3. Research and Innovation	Strategic focus on regional development
4. Community Engagement	Strategic focus on social cohesion
5. Internationalisation and Collaboration	Strategic focus on the global experience for all students

Figure 1 shows the relationship of these pillars to the overall strategic plan and a number of aligned plans, each supporting one or more of the Strategic Plan Pillars.

Obviously, there are overlaps and linkages between the various pillars: for example, internationalisation will have an impact on the student experience. Therefore it is important not to consider each pillar in isolation.

The following section deals with each of the pillars and outlines the objectives and strategies to achieve the objectives.

The Operational Plan for each pillar will include Key Performance Indicators (KPI's) for each objective. These will be generated centrally and will be linked to school and department plans, staff development, infrastructure and quality assurance plans. The Operational Plan will be the subject of an annual review to monitor and report on progress in achieving the objectives outlined.



Fig. 1 The Five Pillars and the Aligned Plans of the Strategic Plan



## LEARNING AND TEACHING

*Make the student learning experience more active and participatory.*

### OBJECTIVE 1

**Implement Learning, Teaching, Assessment and Quality Assurance strategies that promote a student centred model of learning.**

**Key Strategies:**

1. Provide greater recognition for the 'student voice' in the enhancement of teaching and assessment.
2. State clearly student expectations in relation to their individual learning responsibilities.
3. Promote modes of learning which enhance professional practice inside and outside the classroom.
4. Develop an innovative policy on assessment.

### OBJECTIVE 2

**Provide leadership and support for innovative approaches to Learning and Teaching**

**Key Strategies:**

1. Develop more flexible programme structures and delivery options.
2. Continue the roll-out of modularisation and the flexible curriculum framework.
3. Develop 'professional' Masters and PhD provision.
4. Undertake annual reviews of programme offerings for currency, relevance and sustainability.
5. Develop a new programme, in association with the Students' Union, on transitioning from education to the workplace.
6. Develop and expand work-based learning and accreditation at undergraduate and postgraduate level.
7. Assess the sustainability of SIF projects with a view to mainstreaming collaboration with NUIG and AIT in learning and teaching

### OBJECTIVE 3

**Align staff development with the Learning, Teaching and Assessment strategy of the Institute.**

**Key Strategies:**

1. Attract and retain staff with a commitment to high standards of learning, teaching, scholarship and research.
2. Provide pathways for staff to pursue post-graduate professional development.
3. Develop a framework for institutional research in Learning, Teaching and Assessment.

### OBJECTIVE 4

**Create a system to engage students in the quality of their learning.**

**Key Strategies:**

1. Position students as 'engaged collaborators' in assessment, teaching, programme planning, quality improvement and Institute governance.
2. Devise and implement a student retention and achievement policy for all programmes, with a particular emphasis on the first year experience.
3. Embed the student perspective in all aspects of teaching, quality enhancement and quality assurance.





## STUDENT ENVIRONMENT

*Continue to enhance a supportive environment for students by developing services, improving infrastructure and providing more flexible learning opportunities .*

### OBJECTIVE 1

Explore alternative methods for programme delivery.

**Key Strategies:**

1. Improve access to learning, support and information resources using new technologies.
2. Promote open access to learning, through formal access initiatives, web-based initiatives and blended learning.
3. Maximise involvement of Institute in National Flexible Learning Initiative.
4. Develop a new range of work-and-study programmes.

### OBJECTIVE 2

Develop and implement systems and structures which address the totality of the student experience.

**Key Strategies:**

1. Appropriately resource and maintain the wider learning infrastructure, which includes *inter alia*: library facilities, the IT learning centre, teaching venues, labs and computing access.
2. Explore feasibility of sharing facilities, services and technology with other higher educational institutions.

### OBJECTIVE 3

Develop social structures which support the student experience

**Key Strategies:**

1. Facilitate the growth of clubs and societies.
2. Provide opportunities for greater civic engagement and student leadership.
3. Continue to develop the range and scope of Student Services.


### OBJECTIVE 4

Enhance infrastructure to support a quality learning and sustainable environment.

**Key Strategies:**

1. Complete Student Building.
2. Progress the Public Private Partnership (PPP) engineering building project.
3. Provide / Develop Sports and Leisure Facilities.
4. Expand the Business Incubation and Applied Research facilities.
5. Adapt current learning environments for range of learning modes.
6. Continue to develop the multi-campus infrastructure.
7. Improve the environmental sustainability of the physical infrastructure.





## RESEARCH AND INNOVATION

*Focus primarily on applied research and development in prioritised areas with clear outcomes related to teaching and regional development.*

### OBJECTIVE 1

Consolidate research activities for economic sustainability.

**Key Strategies:**

1. Consolidate the following development research groups:
  - a. Marine and Fresh Water
  - b. Biomedical Engineering
  - c. The Built Environment (to include Energy and Furniture)
2. Identify and foster the development of two new research groups.
3. Identify and target industry based research supervisors and collaborators.

### OBJECTIVE 2

Prioritise interdisciplinary based research vs disciplinary based research.

**Key Strategies:**

1. Exploit the diversity of the Institute research and teaching portfolio to identify and develop interdisciplinary research areas.
2. Foster and facilitate the creation of interdisciplinary networks.
3. Encourage and facilitate staff mobility between schools or departments.
4. Communicate our interdisciplinary research strengths outside the organisation.

### OBJECTIVE 3

Develop the nexus between research and teaching.

**Key Strategies:**

1. Develop the relationship between research and teaching.
2. Translate excellence in research into learning opportunities for students.

### OBJECTIVE 4

Engage in formal inter institutional collaborations, including the provision of Structured PhD Programmes for Industry.

**Key Strategies:**

1. Formalise collaborative arrangements which enhance the Institute's capacity for research.
2. Participate in the development of sectoral structured PhD programmes for Industry.

### OBJECTIVE 5

Prioritise knowledge production and technology transfer in support of regional development and enterprise formation.

**Key Strategies:**

1. Develop a Research and Innovation Hub to bridge academic excellence and enterprise development.
2. Ensure the effective capture, protection and exploitation of potential intellectual property.
3. Stimulate and support spin-outs to the Institute's incubation centres (liBC).
4. Become a recognised provider of knowledge-based business solutions.



## COMMUNITY ENGAGEMENT

*Create an outward facing organisation working with the community.*

### OBJECTIVE 1

Enable students to develop their capabilities through wider engagement.

**Key Strategies:**

1. Increase the number and scope of student internships/placements.
2. Develop final year projects around problems/challenges solicited from the wider community.
3. Develop a policy to recognise and accredit civic engagement.

### OBJECTIVE 2

Contribute to the social, cultural and economic well being of the communities served by the Institute.

**Key Strategies:**

1. Support staff in undertaking projects valued by the community.
2. Implement ethical policies and practices.
3. Engage in environmentally responsible practices.
4. Promote positive relations with our neighbours at all campuses.

### OBJECTIVE 3

Meet the national target for participation in higher education with particular reference to life-long learning and under-represented cohorts.

**Key Strategies:**

1. Build alliances with selected further education providers in order to make transfer and progression seamless.
2. Develop reciprocally beneficial relationships with the institute's alumni.
3. Ensure recognition for the institutes alumni and their achievements.
4. Improve access by communities and organisations to GMIT facilities.

### OBJECTIVE 4

Collaborate with industry, professions and other communities ensuring programme relevance and currency.

**Key Strategies:**

1. Develop effective models for industry and community collaboration.
2. Promote student and staff engagement with a broad based community and business organisations.







## **INTERNATIONALISATION AND COLLABORATION**

*Provide an Irish experience for our International students and an International experience for our Irish students.*

### **OBJECTIVE 1**

**Integrate an international perspective into programmes.**

**Key Strategies:**

1. Introduce an enhanced induction programme for international students.
2. Increase opportunities for students to study/work abroad and accredit this work and study.
3. Integrate the international dimension into programme design in consultation with partner institutions.

### **OBJECTIVE 2**

**Promote cultural diversity and understanding among our staff and students.**

**Key Strategies:**


1. Continue to develop annual staff training programme on interacting with students from diverse ethnic backgrounds.
2. Arrange and promote increased opportunities for staff teaching exchanges with overseas partner institutions.

### **OBJECTIVE 3**

**Enhance the capacity of the Institute to compete in the international market.**

**Key Strategies:**

1. Establish the non-EU section of the International Office.
2. Define and implement a plan to grow international student numbers.
3. Develop and market an international summer school programme.
4. Extend existing scholarship schemes to embrace international entrants.
5. Develop key international alliances to further GMIT's international standing and profile.








# Plean Forbartha Straitéiseach 2010-2015

DO IONAD - DO THODHCHAÍ





## FÉINIÚLACHT GMIT >

Agus plean á leagan amach ag GMIT dá todhchaí i dtimpeallacht luaineach agus a tiomantais á n-athdhearbhú aici do shaothrú ar mhaithe le forbairt eacnamaíochta, comhtháthú sóisialta agus forás réigiúnach, arbh iad sin an réasúnaíocht ba bhun le córas nua ardoideachais a chur ar bun in Éirinn, tá na hardmhianta siúd mar chroílár mhisean agus luachanna GMIT i gcónaí.

Is é dearcadh GMIT go bhfuil a todhchaí dírithe go tréan ar dheis a thabhairt dá cuid neach léinn a n-acmhainn a fhorbairt, trí bhéim láidir a leagan ar cháilíocht an teagaisc ag an leibhéal fochéime agus ag an leibhéal iarchéime araon agus ar chreat tacaíochta ar bith eile, teastaíonn uainn go gcreidfeadh ár neacha léinn gur leo GMIT mar ionad, mar ionad lena dtodhchaí a mhúnlú.

Riamh anall, chreid GMIT agus bhí cuntas teiste aici i gcur chun cinn an chothromais shóisialta tríd an ardoideachas. Leanfaidh an Institiúid de bheith ag díriú ar rochtain agus inrochtaineacht a fheabhsú do gach duine atá in ann leas a bhaint aisti. Leanfaidh GMIT de dheiseanna rochtana a fhorbairt dóibh siúd a ndearna cúinsí socheacnamaíocha dochar dá n-ullmhacht bheith páirteach san ardoideachas. Athdhearbhaíonn an Institiúid a tiomantas do chóras solúbtha a chruthú chun freastal ar riachtanais na neach léinn ag gach staid dá saol.

Breathnaíonn GMIT ar a todhchaí mar acmhainn réigiúnach i bhforás eacnamaíochta agus sóisialta a chur chun cinn sa réigiún. Is amach uaithi féin a bhreathnaíonn an Institiúid agus déanann sí iarracht freagra a thabhairt ar riachtanais a réigiúin trína cláir i dtaighde feidhmeach agus i bhforbairt, i mol nuálaíochta réigiúnach a bhunú, i dtacú leis an bhfiontraíocht agus i bhforbairt shainiúil ábhartha agus reatha a sholáthar don lucht saothair.

Is ar dhaoine atá an Plean Straitéiseach lárraithe agus ní ar fhoirgnimh. Tá sé deartha d'aonturas chun an nuálaíocht agus an tsophreagracht a spreagadh. Mar eagraíocht seirbhíse poiblí, teastaíonn uainn an t-athrú téagartha a

forbairt don teagasc agus don fhoghlaim. Is mian le GMIT a chinntiú go ndéanfaidh a cuid neach léinn, mar fhoghlaimoirí gníomhacha, maraon le foireann uile na hInstitiúide, cáilíocht na foghlama agus an teagaisc a dheimhniú agus a ráthú. Thar rud a chothú agus freagra a thabhairt air; teastaíonn uainn go ndéanfaí muid a mheas de réir ár soghreagracht do pholasaí náisiúnta agus teastaíonn uainn na buntáistí oideachasúla a fheabhsaíonn an saol a chur chun cinn.

Tá muintín ag GMIT i misean difriúil agus idirdhealaithe earnáil na hInstitiúide teicneolaíochta agus meas aici air. Tacaíonn sí go tréan leis an mbunchoincheap go mba chóir go ndéanfadh an earnáil éabhlú agus forbairt chun freastal ar riachtanais éabhlóideacha na sochaí agus nár cheart aon teorainn bhréige a bheith le raon ná le leibhéal na n-éachtaí oideachais san earnáil. Comhoibreoidh GMIT le hInstitiúidí eile ardoideachais chun soláthar éifeachtach ardoideachais a chinntiú. Chuige sin, chuirfeadh GMIT fáilte roimh shoiléireacht ar an bpolasaí náisiúnta maidir leis an speictream soláthair ardoideachais in Éirinn.

Ba chóir go ndéanfaí na cáilíochtaí is gá chun dul chun cinn a dhéanamh i dtodhchaí neamhchinnte a fhorbairt tríd an ardoideachas. Is é atá mar fhís againn go gcuirfidh raon deiseanna domhanda dúshlán roimh ár gcuid neach léinn agus go ndéanfar iad a threorú trína gcumas fáis phearsanta agus ghairmiúil, le linn dóibh mórtas as a gceantar, a réigiún agus a dtír a choinneáil ag an am céanna. Creidimid a bhfuil mar mhian againn dár neacha léinn gurb é sin a spreagfaidh anam GMIT chomh maith.

# CREAT DON PHLEAN STRAITÉISEACH >





## MISEAN >

Mar institiúid ardoideachais atá maoinithe go poiblí, tá GMIT bródúil as a féiniúlacht agus as a ról mar Institiúid Teicneolaíochta. Tá sí bródúil as a cuid daoine agus as a cuid éachtaí agus tá sí muiníneach as a cumas chun dul i ngleic le dúshlán na todhchaí. Tá Plean Straitéiseach GMIT á thiomáint agus á maoiniú ag misean na hInstitiúide.

## Ag GMIT déanaimid deiseanna foghlama ar feadh an tsaoil a fhorbairt trínár dteagasc agus ár dtaighde, trí thacú le forbairt réigiúnach atá ag teacht le polasaí náisiúnta ar ardoideachas.

Agus treo na hInstitiúide sa todhchaí á chumadh, cuireadh fíorphráinn an chomhthéacs athraitheach polasaí go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta san áireamh. Leanfaidh an Institiúid dá sainiúlach i gcúrsaí ardoideachais na hÉireann trí chur chuige fadtéarmach straitéiseach atá formlithe ar an bhfís seo a leanas:

## FÍS >

- Is croíghníomhaíocht de chuid na hInstitiúide í an fhoghlaim, a thugann na neacha léinn, an fhoireann agus an réigiún le chéile chun eolas a chomhroinnt, a chur i bhfeidhm, a thástáil agus a chruthú;
- Leanfaidh GMIT de bheith ag forbairt mar eagraíocht réigiúnach le fócas idirnáisiúnta atá tiomanta do shaibhriú pearsanta agus gairmiúil a cuid neach léinn, do riachtanais a réigiúin, do thosaíochtaí náisiúnta agus do dheiseanna domhanda;
- Múnlóidh GMIT peirspictíochtaí agus ionchais a cuid páirtithe leasmhara agus tabharfaidh sí freagra orthu agus oibreoidh sí i gcomhar leo chun freastal ar a gcuid riachtanas;
- Beidh GMIT ina heagraíocht ag a bhfuil na tréithe solúbthacht, cruthaíocht, sofhreagracht agus cumas oiriúnaithe aici.

## LUACHANNA >

**Agus í ag comhlíonadh a misin, is mór leis an Institiúid:**

An t-ardoideachas i ngeall ar na buntáistí a thugann sé don tsochaí agus don duine aonair;

An cothromas mar thacaíocht do chomhtháthú sóisialta;

Ról an oideachais mar chatalaíoch don athrú;

Bheith rannpháirteach i bhforbairt réigiúnach.

## CÁILÍOCHTAÍ AGUS TRÉITHE CÉIMITHE >

Déanfar GMIT a shonrú de réir cháilíocht agus infhostaitheacht a cuid céimithe. Tá ár gcláir uile ailínithe leis an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (NFQ). Déanfaidh an Institiúid a chinntiú trína cláir acadúla, a cur chuige don fhoghlaim agus don teagasc go mbeidh tuiscint chuimsitheach ar dhisciplíní ábhartha agus eolas agus scileanna gairmiúla ag ár gcéimithe go léir atá ag teacht lena gcuid dámhachtainí. Ba chóir go gcuirfeadh ár gcéimithe an phróifíl scileanna agus an bunús faisnéise seo a leanas i bhfeidhm i gcomhthéacs chóras luachmhar agus fealsúnachta iomlánaíche atá bunaithe ar fhéinfheasacht agus ar chur i ngníomh sna réimsí gnó, sóisialta, imshaoil agus na foghlama solúbtha.

### AN SAOL ACADÚIL

- Treoshuíomh feidhmithe dá staidéar bunaithe ar thaighde reatha.
- Cothromaíocht chuí idir teoiric agus cleachtadh.
- Bheith i seilbh cáilíochtaí atá aitheanta go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.
- Bheith liteartha ó thaobh na teicneolaíochta de le freastal ar riachtanais an 21ú haois.

### AN SAOL GAIRMIÚIL

- Sraith scileanna a bheith acu atá inoiriúnaithe agus inaistrithe agus iad in ann leas a bhaint as an bhfoghlaim ar feadh an tsaoil.
- Freagracht a ghlacadh as forbairt leanúnach phearsanta agus ghairmiúil.
- Baint a bheith acu leis an bhfiontraíocht agus iad ag cur leis an bhfiontraíocht shóisialta de réir mar is cuí.
- Úsáid a bhaint as breithiúnas machnamhach agus criticiúil ina gcumas chun fadhbanna a réiteach.

### AN SAOL SÓISIALTA

- Meas agus tuiscint a bheith acu ar chultúir dhifriúla agus ar an éagsúlacht.
- Cur lena bpobal agus leis an tsochaí níos leithne.
- Bheith féindírthe agus nuálaíoch agus bheith in ann oibriú go neamhspleách agus i gcomhar.
- Fiontraíocht agus ceannaireacht a bheith ar a gcumas.

### AN SAOL PEARSANTA

- Meas a bheith acu ar shaoirse cainte agus fiosrúcháin.
- An tábhacht a bhaineann le cearta daonna a aithint laistigh de shochaí atá fulangach agus cuimsitheach.
- Naisc a dhéanamh agus forbheathnú iomlánaíoch a fháil ar a gcuid foghlama laistigh dá gclár staidéir.
- Bheith neamhspleách agus in ann smaoineamh criticiúil a dhéanamh.
- Bheith feasach ar an tábhacht a bhaineann lena ndea-bhail fhisiceach, intinne agus mhothúcháinach.
- Breathnú ar an bhfoghlaim mar chuid dá saol.





## SPRIOCANNA STRAITÉISEACHA GMIT >


D'fhonn cultúr a fhorbairt a mbeidh na tréithe solúbthacht, cruthaíocht, sofhreagracht agus cumas oiriúnaithe go leanúnach ag baint léi, beidh GMIT:

1. Ina mórionad réigiúnach chun an t-ardoideachas a chur ar fáil le fócas tréan feidhmithe.
2. Cáiliúil as cáilíocht a timpeallacht foghlama, a mbeidh mar shaintréithe aici neacha léinn cumhachtaithe, teagasc d'ardchaidheán agus bonneagar tacúil ar a n-áirítear an teicneolaíocht.
3. A bainteacht leis an bhfiontraíocht agus leis an bpobal mór a neartú tríd an nuálaíocht agus an bhfoghlaim, an teagasc, soláthar clár agus taighde chun leasa do na neacha léinn, don fhoireann agus do na páirtithe leasmhara réigiúnacha.
4. Gné idirnáisiúnta na Institiúide a fhorbairt le breis clárúchán ó lasmuigh den Stát.
5. Foinsí ioncaim a chothromú chun an róbhrath ar lármaoiniú poiblí a laghdú.
6. Feidhmiú i gcónaí go náisiúnta chun córas ardoideachais a fhorbairt.

## PRÓIFÍL ACADÚIL AGUS SUÍOMH AR AN MARGADH

Ach na spriocanna a bhfuil baint acu leis na PTÍF a bheith bainte amach go rathúil aici, beidh an phróifíl acadúil agus an suíomh ar an margadh seo a leanas ag GMIT:

- Pobal méadaithe neach léinn i dtéarmaí cóibhéisí Lán-aimseartha.
- Í ina soláthraí Leibhéal 7 atá chun tosaigh go náisiúnta.
- Ceannródaí in athleasú curaclaim agus i modheolaíochtaí nua foghlama.
- Ionad aitheanta d'oidreachas gairmiúil ag leibhéal na fochéime agus na hiarchéime.
- Í ina heagraíocht chomhoibritheach ardlíonraithe agus í ag breathnú amach.
- Ceannairí náisiúnta i dtaighde i nideoega aitheanta.



## PRÍOMHTHÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA

Tá na táscairí seo a leanas aitheanta do gach ceann de na cúig philéar:

### FOGHLAIM AGUS TEAGASC

- Clárúcháin Neach Léinn
- Coinneáil Neach Léinn
- Éachtaí Neach Léinn
- Straitéis Foghlama agus Teagaisc Curtha i bhFeidhm
- Punann clár bainistithe go bliantúil

### IMSHAOL DON NEACH LÉINN

- Modhanna solúbtha seachadta.
- Plean forbartha Campais Curtha i bhFeidhm.
- Staitisticí faoi Cheanna Scríbe Neach Léinn.
- Measúnú ag Neacha Léinn ar a gcuid eispéireas.
- Costas in aghaidh an Aonaid.

### TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT

- Stádas na ceathairle is airde le haghaidh taighde laistigh d'earnáil na nIT.
- Sreabhadh gníomhaíochtaí cuideachtaí trí liBCanna.
- Comhoibríthe foirmiúla taighde-threoraithe le hinstiúidí eile.
- Líon breise iarchéimithe taighde ag baint céimeanna amach.
- Líon agus luach na dtionscadal taighde.

### BAINTEAIGHT LEIS AN BPOBAL

- Rátaí rannpháirtíochta grúpaí faoi thearc-ionadaíocht.
- Cóimheas na neach leinn lánfhásta.
- Líon na gclár forbartha ar líne.
- Líon na gclár le 30 creidmheas a chuirtear síos d'fhoghlaim atá tionscal-, gnó-, nó pobal-bhunaithe nó a tharlaíonn thar lear.

### IDIRNÁISIÚNÚ

- Cóimheas na neach léinn idirnáisiúnta.
- Líon na gcomhaontaithe straitéiseacha le líAO thar lear.
- Líon na neach léinn as GMIT i mbun staidéir thar lear.



## STRUCHTÚR PLEANÁLA GMT >

Is mar seo a leanas atá na cúig piléar den Plean Forbartha Straitéiseach na hInstitiúide:

PILÉAR	RÉASÚNAÍOCHT
1. Foghlaim agus Teagasc	Fócas straitéiseach ar cháilíocht an teagaisc
2. Timpeallacht na neach léinn	Fócas straitéiseach ar eispéireas iomlán an neacha léinn
3. Taighde agus Nuálaíocht	Fócas straitéiseach ar fhorbairt réigiúnach
4. Bainteacht an Phobail	Fócas straitéiseach ar chomhtháthú sóisialta
5. Idirnáisiúnú agus Comhoibriú	Fócas straitéiseach ar an eispéireas domhanda do gach neach léinn

Léiríonn Fíor 1 an gaol atá ag na piléir sin leis an bplean straitéiseach foriomlán agus le líon na bpleananna ailínithe eile, gach ceann díobh ag tacú le ceann amháin nó níos mó de Philéir an Phlean Straitéisigh.

Ar ndóigh tá forluí agus nascálacha i gceist idir na piléir éagsúla: mar shampla, imreoidh idirnáisiúnú tionchar ar eispéireas an neacha léinn. Dá bhrí sin is den tábhacht é gan smaoinemh ar gach piléar ina aonar.

Pléann an roinn seo a leanas le gach ceann de na piléir agus tugann breac-chuntas ar na cuspóirí agus na straitéisí is gá chun na cuspóirí a bhaint amach.

Cuimseoidh an Plean Oibríochtúil do gach piléar Príomhtháscairí Feidhmíochta (PTÍF) do gach cuspóir. Déanfar iad sin a ghiniúint sa lár agus beidh nasc acu le pleananna scoile agus roinne, le forbairt foirne, bonneagar agus le pleananna ráthaíochta cáilíochta. Beidh an Plean Oibríochtúil faoi réir ag athbhreithniú bliantúil le haghaidh monatóireachta agus tuairisce ar an dul chun cinn atá bainte amach sna cuspóirí atá rianaithe.



Fíor 1 Cúig Philéar agus Pleananna Ailínithe an Phlean Straitéisigh

## FOGHLAIM AGUS TEAGASC

*Eispéireas an neacha léinn a dhéanamh níos gníomhaí agus rannpháirtí.*

### CUSPÓIR 1

**Straitéisí Foghlama, Teagaisc, Measúnaithe agus Ráthaíochta Cáilíochta a chuirfidh eiseamláir foghlama neach léinn-láraithe chun cinn.**

#### *Príomhstraitéisí:*

1. Breis aitheantais a chur ar fáil do 'ghuth an neacha léinn' i bhfeabhsú teagaisc agus measúnaithe.
2. Ionchais neacha léinn a chur in iúl go soiléir i dtaca lena bhfragrachtaí foghlama aonair.
3. Modhanna foghlama a chur chun cinn a chuireann le cleachtas gairmiúil laistigh agus lasmuigh den seomra ranga.
4. Polasaí nuálaíoch ar mheasúnú a fhorbairt.

### CUSPÓIR 2

**Ceannaireacht a chur ar fáil agus tacaíocht do chuir chuige nuálaíoch don Fhoghlaim agus don Teagasc**

#### *Príomhstraitéisí*

1. Struchtúir chláir níos solúbtha agus roghanna seachadta a fhorbairt.
2. Leanúint de chur i bhfeidhm an mhodúlaithe agus creat solúbtha curaclaim.
3. Soláthar 'gairmiúil' do chéimeanna Máistir agus PhD a fhorbairt.
4. Tabhairt faoi athbhreithnithe ar thairiscintí cláir le haghaidh cúrsaíochta, ábharthachta agus inbhuanaitheachta.
5. Clár nua ar aistriú ón oideachas go dtí an láthair oibre i gcomhar le hAontas na Neach Léinn a fhorbairt.
6. Foghlaim obair-bhunaithe agus creidiúnú a fhorbairt ag leibhéil na fochéime agus na hiarchéime.
7. Inbhuanaitheacht thionscadail SIF a mheasúnú d'fhonn comhoibriú le NUIG agus AIT san fhoghlaim agus sa teagasc a phríomhshruthú.

### CUSPÓIR 3

**Forbairt foirne a ailíniú le Straitéis Foghlama, Teagaisc agus Measúnaithe na hInstitiúide.**

#### *Príomhstraitéisí:*

1. Foireann le tiomantas do chaighdeán arda foghlama, teagaisc, scoláireachta agus taighde a mhealladh agus a choinneáil.
2. Conairí a chur ar fáil don fhoireann le haghaidh forbartha iarchéime gairmiúla.
3. Creat a fhorbairt le haghaidh taighde san Fhoghlaim, sa Teagasc agus i Measúnú.

### CUSPÓIR 4

**Córas a chruthú chun go mbeidh neacha léinn gafa i gcáilíocht a gcuid foghlama.**

#### *Príomhstraitéisí:*

1. A chur ar chumas na neach léinn bheith ina 'gcomhoibríthe gafa' sa mheasúnú, sa teagasc agus i bpleanáil clár.
2. Polasaí coinneála agus éachta a cheapadh agus a chur i bhfeidhm do gach clár, agus béim ar leith aige ar eispéaras na chéad bhliana.
3. Dearcadh an neacha léinn a leabú i ngach gné den teagasc, feabhsú cáilíochta agus ráthaíochta cáilíochta.





# Ionad don Fhoghlaim Ghníomhach

**CUSPÓIR 1**  
Foghlaim agus Measúnú  
Neach Léinn-Láraithe  
a Chur Chun Cinn

**CUSPÓIR 2**  
Cuir chuige nuálaíochta  
don Foghlaim agus don  
Teagasc

**CUSPÓIR 3**  
Forbairt Foirme ag tacú  
le Straitéis LTA

**CUSPÓIR 4**  
Neacha Léinn mar  
chomhoibríthe i ngleic

## TIMPEALLACHT AN NEACHA LÉINN

*Leanúint de chur le timpeallacht thacúil do neacha léinn trí sheirbhísí a fhorbairt, bonneagar a fheabhsú agus deiseanna foghlama níos solúbtha a chur ar fáil.*

### CUSPÓIR 1

**Modhanna malartacha seachadta cláir a iniúchadh.**

*Príomhstraitéisí:*

1. Rochtain ar acmhainní foghlama, tacaíochta agus faisnéise a fheabhsú agus úsáid á baint as teicneolaíochtaí nua.
2. Rochtain oscailte ar an bhfoghlaim a chur chun cinn trí thionscnaimh fhoirmiúla rochtana tionscnaimh ghréasán-bhunaithe agus foghlaim chomhcheangailte.
3. Bainteacht na hInstitiúide i dTionscnaimh Náisiúnta Foghlama Solúbtha a uasmhéadú.
4. Raon nua clár oibre-agus staidéir a fhorbairt.

### CUSPÓIR 2

**Córais agus struchtúir a fhorbairt agus a chur i ngníomh a thabharfaidh aghaidh ar iomláine eispéireas an neacha léinn.**

*Príomhstraitéisí:*

1. Acmhainní cuí a chur ar fáil don bhonneagar foghlama mór agus é a choinneáil, ar a n-áirítear inter alia saoráidí leabharlainne, an t-ionad foghlama TF, ionaid teagaisc, saotharlanna agus rochtain ar an ríomhaireacht.
2. Iniúchadh a dhéanamh ar an indéantacht a bhaineann le saoráidí, seirbhísí agus teicneolaíocht a chomhroinnt le hinstitiúidí ardoideachais eile.

### CUSPÓIR 3

**Struchtúr shóisialta a fhorbairt a thacaíonn le heispéireas an neacha léinn.**

*Príomhstraitéisí:*

1. Fás chlubanna agus chumann a éascú.
2. Deiseanna a chur ar fáil do bhainteacht shibhialta agus cheannaireachta neach léinn.
3. Leanúint de raon agus scóip na Seirbhísí don Neach Léinn a fhorbairt.


### CUSPÓIR 4

**An bonneagar a fheabhsú chun tacú le foghlaim d'ardchaighdeán agus le timpeallacht inbhuaine.**

*Príomhstraitéisí:*

1. Foirgneamh na Neach Léinn a chríochnú.
2. Dlús a chur le tionscadal foirgneamh na hInnealtóireachta trí Chomhpháirtíocht Phoiblí Phríobháideach (CPP).
3. Saoráidí Spóirt agus Áineasa a chur ar fáil/a fhorbairt.
4. Na saoráidí do Ghor Gnó agus Taighde Feidhmeach a leathnú.
5. Timpeallachtaí reatha foghlama a oiriúnú do raon modhanna foghlama.
6. Leanúint de bhonneagar ilchamps a fhorbairt.
7. Inbhuanaitheacht imshaoil an bhonneagair fhisiciúil a fheabhsú.





## TAIGHDE AGUS NUÁLAIOCHT

*Díriú go príomha ar thaighde feidhmeach agus ar fhorbairt i réimsí tosaíochta le torthaí soiléire a bhaineann le teagasc agus forbairt réigiúnach.*

### CUSPÓIR 1

Gníomhaíochtaí taighde a chomhtháthú le haghaidh inbhuanaitheachta eacnamaíche.

**Príomhstraitéisí:**

1. Na grúpaí forbartha taighde a chomhtháthú:
  - a. Muirí agus fionnuisce
  - b. Innealtóireacht Bhithleighis
  - c. An tImshaol Tógtha (Fuinneamh agus Troscán le bheith san áireamh)
2. Forbairt dhá ghrúpa nua taighde a shainaitheint agus a chothú.
3. Maoirseoirí agus comhoibrithe taighde atá tionscalbhunaithe a shainaitheint agus díriú orthu.

### CUSPÓIR 2

Tosaíocht a thabhairt do thaighde atá bunaithe go hidirdhisciplíneach vs taighde bunaithe go disciplíneach.

**Príomhstraitéisí:**

1. Leas a bhaint as éagsúlacht phunann taighde agus teagasc na hInstitiúide chun réimsí taighde idirdhisciplíneacha a shainaitheint agus a fhorbairt.
2. Cruthú líonraí idirdhisciplíneacha a chothú agus a éascú.
3. Soghluasteacht foirne idir scoileanna agus ranna a spreagadh agus a éascú.
4. Láidreachtaí ár dtaighde idirdhisciplínigh a chur in iúl lasmuigh den eagraíocht.

### CUSPÓIR 3

Nasc a chothú idir taighde agus teagasc.

**Príomhstraitéisí:**

1. An gaol idir taighde agus teagasc a fhorbairt.
2. Dearsnaitheacht i dtaighde a aistriú isteach ina ndeiseanna foghlama le haghaidh neach léinn.

### CUSPÓIR 4

Dul i ngleic le comhoibrithe foirmiúla idir-institiúideacha, ar a n-áirítear Clár Struchtúrtha PhD a chur ar fáil le haghaidh Tionscail.

**Príomhstraitéisí:**

1. Socruithe comhoibritheacha a chuireann le hacmhainneacht taighde na hInstitiúide a fhoirmlíú.
2. Páirt a ghlacadh i bhforbairt clár PhD le haghaidh Tionscail a bheidh struchtúrtha de réir earnála.

### CUSPÓIR 5

Tosaíocht a thabhairt do chur ar fáil an eolais agus na teicneolaíochta mar thacaíocht le forbairt réigiúnach agus foirmlíú fiontar.

**Príomhstraitéisí:**

1. Mol Taighde agus Nuálaíochta a fhorbairt chun an bhearna idir dearsnaitheacht acadúil agus forbairt fiontar a líonadh.
2. Gabháil, cosaint agus saothrú éifeachtach maoine intleachtúla féideartha a chinntiú.
3. Seachthairbhí d'ionaid ghoir (IIBC) na hInstitiúide a spreagadh agus tacú leo.
4. Bheith ina soláthraí aitheanta do réitigh ghnó eolasbhunaithe.





## BAINTEACTH LEIS AN BPOBAL

*Eagraíocht a chruthú a bheidh ag obair leis an bpobal.*

### CUSPÓIR 1

Enable students to develop their capabilities through wider engagement.

**Príomhstraitéisí:**

1. Líon agus scóip intéirneachtaí/sochrúcháin neach léinn a mhéadú.
2. Tionscadail na bliana deiridh maidir le fadhbanna/dúshláin a bhíonn á lorg ag an bpobal mór a fhorbairt.
3. Polasaí a fhorbairt chun bainteacht shibhialta a aithint agus a chreidiúnú.

### CUSPÓIR 2

Cur le dea-bhail shóisialta, chultúrtha agus eacnamaíoch na bpobal a ndéanann an Institiúid freastal orthu.

**Príomhstraitéisí:**

1. Tacú le baill foirne agus iad ag tabhairt faoi thionscadail a bhfuil meas ag an bpobal orthu.
2. Polasaithe agus cleachtais eiticeacha a chur i ngníomh.
3. Dul i ngleic le cleachtais atá freagrach ó thaobh an imshaoil de’.
4. Caidreamh dearfach a chur chun cinn lenár gcomharsana ar gach campas.

### CUSPÓIR 3

An sprioc náisiúnta do rannpháirtíocht san ardoideachas a bhaint amach agus aird ar leith ar oideachas ar feadh an tsaoil agus ar chohóirt faoi thearcionadaíocht.

**Príomhstraitéisí:**


1. Ceangail le soláthraithe roghnaithe breisoideachais a dhéanamh ar mhaithe le haistriú agus dul chun cinn gan úim.
2. Caidreamh comhalartach leasmhar a fhorbairt le alumni na hInstitiúide.
3. Aitheantas a chinntiú do alumni na hInstitiúide agus dá gcuid éachtaí.
4. Rochtain ag pobail agus eagraíochtaí ar shaoráidí GMIT a fheabhsú.

### CUSPÓIR 4

Comhoibriú le tionscal, leis na gairmeacha agus le pobail eile d’fhonn ábharthach agus cúrsaíocht chlár a chinntiú.

**Príomhstraitéisí:**

1. Eiseamláirí éifeachtacha le haghaidh comhoibrithe le tionscal agus pobal a fhorbairt.
2. Bainteacht neach léinn agus foirne le pobal agus eagraíochtaí leathanbhunaithe a chur chun cinn.





## Eagraíocht Pobaldírithé Oscailte

**CUSPÓIR 1**  
Feabhsú Acmhainní  
Neach Léinn trí Bhainteacht  
leis an bPobal

**CUSPÓIR 2**  
Cur le Dea-bhail Shóisialta,  
Chultúrtha agus Eacnamaíoch  
an Phobail

**CUSPÓIR 3**  
Rochtain agus Dul  
Chun Cinn d'Fhoghlaimoiri  
ar Feach an tSaoil agus do  
Chobóirt faoi Thearcionadaíocht

**CUSPÓIR 4**  
Eiseamláir Nua le hAghaidh  
Bhainteacht na hInstitiúide

## IDIRNÁISIÚNU AGUS COMHOIBRIÚ

*Eispéireas Éireannach a chur ar fáil dár neacha léinn idirnáisiúnta agus eispéireas idirnáisiúnta dár neacha léinn Éireannacha.*

### CUSPÓIR 1

**Dearcadh idirnáisiúnta a chomhtháthú isteach inár gclár.**

**Príomhstraitéisí:**

1. Clár feabhsaithe ionductaithe a thabhairt isteach dár neacha léinn idirnáisiúnta.
2. Deiseanna a mhéadú do neacha léinn chun staidéar/obair a dhéanamh thar lear agus an obair agus an staidéar sin a chreidiúnú.
3. An ghné idirnáisiúnta a chomhtháthú isteach i ndearadh clár i gcomhairle lenár n-institiúidí comhpháirtíochta.

### CUSPÓIR 2

**Promote cultural diversity and understanding among our staff and students.**

**Príomhstraitéisí:**

1. Leanúint de chlár bliantúil oiliúna foirne a fhorbairt ar idirghníomhú le neacha léinn ó chúlraí éagsúla eitneacha.
2. Breis deiseanna a shocrú agus a chur chun cinn le haghaidh malarthuithe teagaisc don fhoireann le hinstitiúidí comhpháirtíochta thar lear.

### CUSPÓIR 3

**Cur le hacmhainn na hInstitiúide chun dul in iomaíocht ar an margadh idirnáisiúnta.**

**Príomhstraitéisí:**

1. Rannóg neamh-AE a bhunú san Oifig Idirnáisiúnta.
2. Plean a shonrú agus a chur i ngníomh chun líon na neach léinn idirnáisiúnta a mhéadú.
3. Clár scoil shamhraidh idirnáisiúnta a fhorbairt agus a chur ar an margadh.
4. Scéimeanna scoláireachta atá ann faoi láthair a leathnú chun iontrálacha idirnáisiúnta a chuimsiú.
5. Príomh-chomhaontais idirnáisiúnta a fhorbairt chun cur le seasamh agus próifíl idirnáisiúnta GMIT.

